RÚN (AE) 2022/1762 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0094/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis maidir le hioncam agus caiteachas ([1]), gurbh ionann buiséad críochnaitheach na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (an "Institiúid") don bhliain airgeadais 2020 agus EUR 625 088 022,57, arb ionann sin agus méadú 12,04 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gurbh ionann ranníocaíocht fhoriomlán an Aontais chuig buiséad na hInstitiúide do 2020 agus EUR 546 629 182,74, arb ionann sin agus méadú 31,4 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gurbh é 0,7 % ráta boilscithe an Aontais in 2020;

B. de bhrí go luaitear i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí (an "Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte") go bhfuil dearbhú réasúnach faighte ag an gCúirt go bhfuil cuntais bhliantúla na hInstitiúide iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur 99,85 % a bhí i ráta chur chun feidhme an bhuiséid mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith 2020, arb ionann sin agus méadú 2,81 % i gcomparáid le 2019; á thabhairt dá haire go raibh ráta forghníomhaithe 99,13 % ann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a léiríonn méadú 1,56 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire, maidir leis an mbarúil leantach a bhain le EUR 1 200 i gcaiteachas taistil agus cothaithe, a thabhaigh comhalta foirne eatramhach de chuid na hInstitiúide, a aisíoc, gurb amhlaidh, chun stuamacht a áirithiú agus an riosca go dtarlódh dúbláil cistithe a chosc, a dhéantar úsáid aisíocaíochtaí le hionadaithe conraitheoirí a eisiamh i gcreatchonradh na Institiúide maidir le seirbhísí foirne eatramhaí; á thabhairt dá haire mar bheart ceartaitheach, go bhfuil an Institiúid i mbun a cuid beartas a choigeartú chun na costais mhisin a thabhaíonn gníomhairí eatramhacha go hiarmhír a chlúdach; á thabhairt dá haire freisin freagra na hInstitiúide nár thug a foireann eatramhach faoi aon mhisin in 2020; á iarraidh ar an Institiúid aon fhorbairtí amach anseo sa réimse sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire nár bhain na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) úsáid iomlán as na méideanna deontais arna ndámhachtain ag an Institiúid; á thabhairt dá haire leis an méadú ar bhuiséad na hInstitiúide agus an méadú ar líon na PENanna chun maoirsiú a dhéanamh nár tháinig méadú faoi seach in éineacht leis sin ar líon na bpost;

4. á chur in iúl gur geal léi gurb amhlaidh, mar fhreagairt ar na dúshláin a bhain le paindéim COVID-19, a rinne an Institiúid an tionscnamh freagartha géarchéime a sheoladh agus a bhainistiú go rathúil, mar chuid dá tionscadail chun freagairt ar an bpaindéim a d'fhéach le tacú leis an mbraisle nuálaíochta san Eoraip; ag tabhairt dá haire gur chinn bord rialaithe na hInstitiúide in 2020 maoiniú breise dar luach EUR 60 000 000 a shlógadh do nuálaithe atá ag cumhachtú réitigh ardtionchair a théann i ngleic leis an dúshlán sóisialta agus eacnamaíochta gan choinne a tháinig chun cinn le paindéim COVID-19;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 189.

5. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha ó bhlianta roimhe seo, go bhfuil deiseanna sainaitheanta ag an Institiúid chun acmhainní a chomhroinnt, a sineirgí a fhorbairt agus comhoibriú le gníomhaireachtaí eile an Aontais a mhéadú le súil éifeachtúlacht a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, go ndearnadh trí mheabhrán tuisceana maidir le seirbhísí oiliúna, cleachtais soláthair, comhroinnt inneachair agus bainistiú acmhainní daonna a shíniú in 2020 le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil suim ag an Institiúid a bheith rannpháirteach i dtionscadal arna chur chun feidhme ag rialtas na hUngáire lena bhféachtar le saoráidí oifige comhroinnte a sholáthar do gach eagraíocht idirnáisiúnta atá bunaithe i mBúdaipeist; á iarraidh ar an Institiúid aon fhorbairtí amach anseo a bhaineann leis na comhpháirtíochtaí sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

6. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta glactha ag an Institiúid chun a slándáil ar líne a fheabhsú agus chun digitiú a mhéadú ó thaobh oibríochtaí inmheánacha agus nósanna imeachta bainistíochta; á iarraidh ar an Institiúid cur chun feidhme na mbeart sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Beartas foirne

7. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, an 31 Nollaig 2020, go raibh 95,56 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme agus go raibh 43 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 45 ghníomhaire shealadacha a údaraíodh faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 44 phost a údaraíodh in 2019); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 22 ghníomhaire ar conradh agus saineolaí amháin náisiúnta ar iasacht ag obair don Institiúid in 2020;

8. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, go bhfuil easpa cothromaíocht inscne i bpoist shinsearacha agus mheánbhainistíochta na hInstitiúide, eadhon gurbh fhir iad cúigear as seisear (83 %); á chur in iúl gur geal léi an chothromaíocht inscne ar bhord bainistíochta na hInstitiúide, eadhon go raibh sé comhdhéanta de 12 chomhalta (50 %) de cheachtar den dá inscne, agus ar fhoireann fhoriomlán na hInstitiúide, eadhón gur mhná iad 37 as 64 bhall foirne (57,81 %);

9. ag tabhairt dá haire go bhfuil triúr de chomhaltaí bhord rialaithe na hInstitiúide fós ag fáil airgid ón mbuiséad mar chomhairleoirí, mar ghníomhairí conarthaí nó i leith feidhmeanna eile laistigh den Institiúid go sonrach, ar beirt iarFheisirí de Pharlaimint na hEorpa agus iarChoimisinéir amháin atá i gceist; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuair iarFheisire eile den Pharlaimint EUR 15 000 in 2020-2021 faoi chonradh seirbhíse leis an Institiúid chun seirbhísí comhairleacha a sholáthar maidir le sineirgí le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa;

10. ag tabhairt dá haire go raibh méadú ar an ualach oibre agus ar chúraimí breise in 2020 de bharr na hidirthréimhse ón gclár Fís 2020 go Fís Eorpach; ag thabhairt dá haire gur leithdháileadh ranníocaíocht mhéadaithe airgeadais EUR 600 milliún in 2020 ar ocht bPobal Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide chun a bpleananna gnó do 2020 a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, de bharr phaindéim COVID-19, gur sheol an Institiúid an Tionscnamh mar Fhreagairt ar an nGéarchéim chun tacú le pobal na hInstitiúide agus le teaghlach nuálaíochta na hEorpa;

11. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil cur chun feidhme barúla a d'eascair ó 2017 maidir le fógraí folúntais a fhoilsiú fós ar siúl, ó tharla nach bhfoilsíonn an Institiúid a cuid folúntas ar shuíomh gréasáin na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne go comhsheasmhach;

12. á chur in iúl gur geal na hiarrachtaí a rinneadh sa bheartas foirne chun teilea-obair agus saol folláin a chur chun cinn agus ag leanúint den Institiúid a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar chreat beartais fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, ar threoir ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairme, ar chothromaíocht inscne, ar theilea-obair, ar chothromaíocht gheografach agus ar earcaíocht agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

Soláthar

13. ag tabhairt dá haire gur cuireadh nósanna imeachta nua le plean soláthair 2020 na hInstitiúide le linn na bliana; ag tabhairt dá haire gur thug an Institiúid 95 % dá nósanna imeachta soláthair chun críche i gcomhréir lena plean; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Institiúid go raibh a nósanna imeachta tosaíochta ar fad tugtha chun críche seachas an creatchonradh nua do sheirbhísí cumarsáide agus bainistiú imeachtaí; ag tabhairt dá haire freisin nárbh ann d'aon ghearáin fhoirmiúla ná cásanna cúirte maidir le nósanna imeachta soláthair in 2020;

Seachaint agus bainistiú coinbhleachtaí leasa agus an trédhearcacht

14. ag aithint bhearta reatha na hInstitiúide agus a hiarrachtaí leanúnacha trédhearcacht a dhaingniú, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus cosaint sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Institiúid dearbhuithe coinbhleachta leasa agus CVanna a boird rialaithe agus a bainistíochta sinsearaí ar a suíomh gréasáin;

15. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Institiúid cás sceithireachta amháin in 2019 agus gur cuireadh na rialacha inmheánacha i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire nach bhfuil beartas sceithire na hInstitiúide ailínithe go fóill le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]); á iarraidh ar an Institiúid ailíniú iomlán a áirithiú sa chéad athbhreithniú eile ar an mbeartas;

16. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh 2019, gur thionscain an Institiúid in 2020 próiseas lena ndéanann PENanna na hInstitiúide athbhreithniú ar chur chun feidhme phrionsabail an dea-rialachais ("PDR");

Rialú inmheánach

17. ag tabhairt dá haire, i gcomhréir le tuarascáil chumas iniúchóireachta inmheánaí na hInstitiúide, as 69 moladh i scóip an iniúchta leantaigh, go bhfuil 28 moladh oscailte dúnta, go bhfuil íosghrádú déanta ar 7 moladh oscailte agus go bhfuil 1 mholadh oscailte a bhain le bainistiú ar rochtain TE uasghrádaithe go criticiúil i ndiaidh Iniúchadh TE 2016; á iarraidh ar an Institiúid, ina measúnú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, an riosca criticiúil sin a bhreithniú mar laige a d'fhéadfadh a bheith i bprionsabal 11;

18. ag tabhairt dá haire nár thángthas ar aon mhórlaigí in aon chomhpháirt de chóras rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide lena gcuirfí baint amach cuspóirí oibríochtúla, airgeadais nó rialála i mbaol agus lena gcuirfí cosc ar an Stiúrthóir a dhearbhú urrúis a shíniú; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil roinnt feabhsuithe eile ag teastáil maidir le prionsabail 12 agus 17 a thagann faoi chatagóir 2, go háirithe an mhoill ar an luas beartaithe do chur chun feidhme na moltaí oscailte a laghdú agus am cumarsáide na mbeart ceartaitheach a glacadh in 2020 a laghdú;

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

19. ag tabhairt dá haire gur chinn bord rialaithe na hInstitiúide i mBealtaine 2020 chistí neamh-leithdháilte de chuid na hInstitiúide dar luach EUR 60 milliún a shlógadh chun tacú tuilleadh le mic léinn, fiontraithe agus nuálaithe a bhfuil tionchar ag scaipeadh domhanda phaindéim COVID-19 orthu; ag tabhairt dá haire gur thacaigh tionscnamh freagartha géarchéime (TFG) na hInstitiúide le tionscadail agus fiontair nua a bhí ag freagairt ar phaindéim COVID-19 trí ionstraimí tacaíochta fiontair lenar cuireadh tacaíocht spriocdhírithe ar fáil d'fhiontair ardtionchair agus a d'fhéadfadh fás, fiontair atá ag méadú agus fiontair bheaga agus mheánmhéide agus do thionscadail mar fhreagairt ar an bpaindéim, a ghin tionscadail freagartha nuálaíocha ghearrthéarmacha a chuaigh i ngleic go díreach leis an bpaindéim COVID-19 agus a chuir chun feidhme iad;

Tuairimí eile

20. ag tabhairt dá haire gur geal léi na hiarrachtaí atá déanta ag an Institiúid leanúint lena láithreacht ar na meáin shóisialta a fheabhsú chomh maith lena straitéis d'fhorbairt inbhuanaithe in 2020;

21. ag tabhairt dá haire ag bhfuil próiseas cur chun feidhme ar bun ag an Institiúid maidir leis an mbeartas ginearálta slándála faisnéise, lena n-áirítear gnéithe teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide den chibearshlándáil; ag tabhairt dá haire gurb é an príomhthoradh atá ar chur chun feidhme agus treorú an chláir sin go dtí seo nár thuairiscigh an Institiúid aon teagmhais chibearshlándala;

22. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na hInstitiúide a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Institiúid leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird ar an ngá atá leis na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint; á iarraidh ar an Institiúid dlús a chur le forbairt a bheartais cibearshlándála agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas ach a bheidh sé tugtha chun críche;

([2]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

23. á chur in iúl gurb oth léi nár shocraigh an Institiúid spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí CO_2 go dtí seo; á chur in iúl gur geal léi, áfach, na hiarrachtaí a rinne an Institiúid creat oibre atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chruthú agus na bearta go léir a rinne sí chun a lorg carbóin agus a tomhaltas fuinnimh a laghdú agus chun sreabhadh oibre gan pháipéar a fhorbairt; á chur in iúl gur geal léi freisin go bhfuil deireadh á chur de réir a chéile le húsáid buidéal uisce plaisteach;

24. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.